Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026
(OR. en)

5753/26

FIN 140
PE-L 6

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024<br>• *Glacadh*<br>• *Formheas litreach* |

1. I gcomhréir leis na gníomhartha ábhartha bunaithe agus, i gcás an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, i gcomhréir freisin le hAirteagal 70(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[1], ceanglaítear ar an gComhairle moltaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le hurscaoileadh a thabharfar do na comhghnóthais.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Ag na cruinnithe a bhí aige an 8 agus an 16 Eanáir 2026, scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cuntais bhliantúla chomhghnóthais an Aontais don bhliain airgeadais 2024[2], agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na dréacht-téacsanna mar a leagtar amach san Aguisín iad.

3. Molann an Coiste um an mBuiséad do Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– na dréachtmholtaí mar a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo a ghlacadh; agus

– féachaint chuige go gcuirfear ar aghaidh iad chuig Parlaimint na hEorpa agus an dréacht-litir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin.

---

[2] IO C, C/2025/5736, 31.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5736/oj.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir leis na gníomhartha ábhartha bunaithe agus, i gcás an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, i gcomhréir freisin le hAirteagal 70(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[1], táim ag cur chugat i ndoiciméad ar leithligh[2] na moltaí ón gComhairle, an 17 Feabhra 2026, maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhghnóthais i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

[Clabhsúr dea-mhéine]

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2 5753/26 + ADD 1.